# Someone Like Me

ART COMPETITION

## Buaigh duaiseanna iontacha os cionn **€1,000** do scoil!

**Bronnfar duaiseanna ar:**

- Buaiteoir Sóisearach amháin in aghaidh an Chontae
- Buaiteoir Sinsearach amháin in aghaidh an Chontae
- **Buaiteoir Sinsearach Náisiúnta Iomlán amháin**
- **Buaiteoir Náisiúnta Sóisearach Iomlán amháin**


**An raibh a fhios agat go roghnófar**

**BEIRT BHUAITEOIRÍ**

**in aghaidh an chontae?**

**SPRIOCDHÁTA d'iontrálacha:**

**14ú Samhain 2025**



**Tabhair cuairt ar ár suíomh Gréasáin**

**www.SomeoneLikeMeCompetition.ie**

**chun tuilleadh eolais a fhail, pleananna ceachta gníomhaíochtaí breise agus Cúinne na dTuismitheoirí nua**

Déan d'iontrálacha a roinnt ar líne le

#SomeoneLikeMe chun seans breise duais a bhaint!

Téarmaí agus Coinníollacha i bhfeidhm tabhair cuairt ar
www.SomeoneLikeMeCompetition.ie | someonelikeme@realnation.ie
Faoi chúram Someone Like Me, 94 Sráid Bhagóid Íochtarach, Baile Átha Cliath 2, D02 XN82

NDA
Údarás Náisiúnta Míchumais
National Disability Authority

# Plean Ceachta Sinsearach

## Rang 3 go Rang 6

### Cluiche Liathróid Sneachta

Ar phíosa páipéir, iarr ar na daltaí go léir an méid a leanas a scríobh:

* Rud éigin atá siad in ann a dhéanamh, agus rud éigin nach bhfuil siad in ann a dhéanamh
* Rud nach bhfuil siad in ann a dhéanamh ach rud a d'fhéadfadh daoine eile a dhéanamh

Is féidir leis an múinteoir é seo a mhúnlú do dhaltaí. Iarr orthu liathróid a dhéanamh den pháipéar agus é a chaitheamh cosúil le liathróid sneachta (ar shiúl ó gach duine sa seomra). Iarr ar na daltaí dul agus liathróid sneachta a aimsiú agus é a léamh. Is féidir é seo a dhéanamh arís agus arís eile

### Plé Ranga

Pléigh leis na daltaí an méid a d'fhoghlaim siad ón gcluiche liathróid sneachta. Cuir roinnt ceisteanna... An gcuireann aon rud a léann tú iontas ort? Conas a bheidh a fhios agat an bhfuil duine in ann rud éigin a dhéanamh nó gan a bheith in ann a dhéanamh? Cad é an difríocht idir a bheith in ann rud éigin a dhéanamh agus a bheith in ann rud éigin a dhéanamh le leasuithe/ teicneolaíocht chúnta?

Tá inchinn agus corp gach duine difriúil, conas a d'fhéadfá a bheith difriúil leis an duine atá ina shuí in aice leat? Chun daoine a chur ag smaoineamh faoi mhíchumas dofheicthe, luaigh difríochtaí le solas, boladh agus fuaimeanna. Bain úsáid as bileog fíricí míchumais an mhúinteora atá ar fáil ar ár suíomh Gréasáin le plé a dhéanamh leis na daltaí

### Príomhchuid an Cheachta

* Trí úsáid a bhaint as am iPad nó am ríomhaire, iarr ar na daltaí taighde a dhéanamh ar dhaoine cáiliúla a bhfuil míchumas dofheicthe acu. I measc smaointe chun tús a chur leis an rang, tá: Daoine cáiliúla agus rathúla faoi mhíchumas dofheicthe a d'fhéadfadh a bheith ar eolas ag daltaí; Millie Bobby Brown, agus Eminem
* Féach ar an taighde a rinne na daltaí le linn a gcuid am ríomhaire agus cuir na ceisteanna seo a leanas: Cén fáth a gceapann tú a mbeadh sé tábhachtach a bheith ar an eolas faoi na míchumais a ndearna tú taighde orthu? Cad atá i gceist le daoine a bheith rannpáirteach? Conas is féidir linn daoine faoi mhíchumas a dhéanamh páirteach ar bhealach níos fearr?
* Machnamh agus Nasc a dhéanamh – Spreag na daltaí le machnamh a dhéanamh ar na tuairimí a bhíonn againn uaireanta faoi dhaoine. Iarr ar na daltaí teagmháil a dhéanamh le duine den teaghlach sa bhaile nó le dalta eile sa rang agus pléigh a bhfuil foghlamtha acu ón gceacht seo, nó conas a d'fhéadfaidís tuilleadh tuisceana a fháil ar mhíchumais. Fiafraigh díobh cad a d'fhéadfaidís a dhéanamh le cuidiú le duine a bheith níos rannpháirtí?
* Bain úsáid as rólimirt chun an tábhacht a bhaineann le gach duine a bheith páirteach inár ngníomhaíochtaí a léiriú agus an tionchar a bheidh aige gan daoine eile a bheith páirteach
* Déan rólimirt faoi thimpeallachtaí scoile éagsúla - iarr ar na daltaí smaoineamh ar am ina bhféadfadh dalta faoi mhíchumas taithí a fháil ar chuimsiú, agus nuair nach féidir leo a bheith páirteach. Fiafraigh de na daltaí conas a d'fhéadfaí na cásanna seo a athrú chun a bheith cinnte de go mbíonn gach duine páirteach

### Cuspóirí:

* Cosúlachtaí agus difríochtaí i ndaoine a thuiscint agus meas a léiriú orthu
* Tuiscint na ndaltaí a fhorbairt ar mhíchumas sofheicthe, dofheicthe agus intleachta
* Comhthuiscint a fhorbairt ar an dóigh ar chóir dúinn caitheamh le daoine eile ar bhealach comhbhách, tuisceanach, íogair agus cuimsitheach

### Naisc Churaclaim:

**OSPS** – Mise agus daoine eile/Mise agus an domhan mór
**Na hAmharcealaíona** – Na snáithaonaid go léir
**Litearthacht** – Forbairt teanga ó bhéal
**Stair** – Eolas agus tuiscint ar dhaoine

**Roghnach:** Le haghaidh tuilleadh gníomhaíochtaí féach **www.someonelikemecompetition.ie**

### Déan ransú smaointe

Scríobh an focal 'Cuimsiú' ar an gclár. Ceistigh na daltaí faoin gciall atá leis. Forbair tuiscint na bpáistí ar chuimsiú i gcomhthéacs sóisialta, trí iarraidh ar dhaoine imirt i gcluiche, teacht chuig cóisir, srl. Mínigh an chiall atá leis i dtéarmaí cuimsiú daoine faoi mhíchumas. Déan tagairt siar do rólimirt ar chásanna ar scoil. Conas is féidir linn daoine faoi mhíchumas dofheicthe a dhéanamh páirteach? Déan ransú smaointe ar na rudaí a tharlaíonn ar scoil chun daoine faoi mhíchumas a dhéanamh páirteach. Nó cad a d'fhéadfadh na páistí a dhéanamh do leanaí faoi mhíchumas ina rang. Mar shampla, mura dtaitníonn barróga láidre le duine, d'fhéadfá fiafraí díobh arbh fhearr leo bosa in airde?. Má tá rang uathachais i do scoil, b'fhéidir gur bhféadfaí é seo a úsáid mar shampla; fiafraigh de na daltaí faoin dóigh a ndéantar páirteach iad i dtimpeallacht na scoile

Mínigh do na daltaí go bhfuil siad chun píosa ealaíne a chruthú bunaithe ar a bhfuil foghlamtha acu, dar teideal **#SomeoneLikeMe.** Cuir i gcuimhne do na daltaí smaoineamh ar a bheith cuimsitheach ina ndearadh – m.sh. Má úsáideann siad téacs, an bhfuil an cló mór go leor?

An féidir leo siombailí a úsáid chun a dteachtaireacht a chur in iúl? Is féidir le daltaí cinneadh a dhéanamh an dteastaíonn uathu iontráil ranga, iontráil scoile nó iontráil aonair a chruthú. Comhlánaigh an bhileog ghníomhaíochta atá ag gabháil leis an gceacht seo. Déan athbhreithniú ar an méid a d'fhoghlaim na daltaí sa cheacht seo. Athbhreithnigh an stór focal a dtángthas orthu agus iarr orthu a bhfuil foghlamtha acu ón gceacht seo a roinnt

### Bí Cruthaitheach!

Is féidir leat pictiúr a tharraingt, a phéinteáil, a phriontáil, cré a úsáid, struchtúr 3T a thógáil, fabraic agus snáithín a úsáid, meáin dhigiteacha a úsáid nó a bheith cruthaitheach agus meáin mheasctha a úsáid. Le hiontráil a dhéanamh: Seol isteach d'iontráil agus d'fhoirm iontrála chomhlánaithe chuig **#SomeoneLikeMe**, **94 Sráid Bhagóid Íochtarach, Baile Átha Cliath 2, D02 XN82** nó seol ríomhphost chuig **someonelikeme@realnation.ie**

Is féidir leat an teachtaireacht **'#SomeoneLikeMe'** a roinnt trí thaispeántas scoile, trí thaispeántas ealaíne a reáchtáil, nó ar láithreán Gréasáin na scoile. Roinn do phróiseas cruthaitheach linn trí úsáid a bhaint as**#SomeoneLikeMe** ar Instagram agus Facebook!

@someonelikemeartcompetition @someonelikeme_art